

Prótacal um Dhífheistiú
Freagrach An Post:
**Todhchaí Inbhuanaithe
dár bhFoirgnimh**




Is díol suntais ár n-eastát corparáideach, le punann de c. dhá mhilliún troigh cearnach agus réimse leathan réadmhaoine, ón Ard-Oifig an Phoist íocónach i mBaile Átha Cliath, go dtí aonad seachadta poist i mBéal Tairbirt, Co. an Chabháin.

Tá An Post ag leanúint ar aghaidh ag aistriú ó fhoirgnimh níos sine, a bhí deartha le haghaidh ré na litreacha san am a chuaigh thart, go háitribh nua-aimseartha sainoiriúnaithe, a tógadh don ghnó beartán ríomhthráchtála atá ag dul ó neart go neart. Tá ár Straitéis Eastáit Réadmhaoine ag teacht chun cinn freisin chun tacú lenár ngnólachtaí miondíola, poist agus beartán chun freastal ar riachtanais na gcustaiméirí laistigh de shamhail níos éifeachtaí, níos solúbtha agus níos oiriúnaí don fheidhm.



Aithníonn An Post luach intreach ár réadmhaoine áit ar féidir lena n-acmhainneacht a bheith mar chatalaíoch d'fhorbairt áitiúil. Feidhmíonn an Prótacal um Dhífheistiú Freagrach mar ghealltanais do thodhchaí na bpobal áitiúil agus ag an am céanna cinntíonn sé cur chuige oscailte agus trédhearcach i leith dífheistiú.

Tugann sé deis dúinn smaoineamh go cruthaitheach ar na húsáidí a d'fhéadfadh a bheith ag réadmhaoine amach anseo. **Trí na húsáidí is tairbhí d'fhoirgnimh sa chéad chéim eile dá saolré a shainaithint agus a bhaint amach, is féidir linn na torthaí is fearr a chinntiú do phobail áitiúla agus do An Post.**



Déan an téacs trom thíos trom san aistriúchán freisin. Leagtar amach sa Phrótacal seo na prionsabail faoina dtabharfar aghaidh ar imeacht agus ar dhiúscairt fhéideartha na bhfoirgneamh atá ann cheana.

Áirítear ar phríomhghnéithe an Phrótacail:



Tiomantas chun acmhainn an fhoirgnimh a uasmhéadú chun freastal ar riachtanais áitiúla, ar an gcaoi sin an tionchar eacnamaíoch agus sóisialta a fheabhsú.



Bearta chun **folúntais fhada a chosc,** agus ar an gcaoi sin beogacht an phobail a choinneáil.



Rannpháirtíocht réamhghníomhach le páirtithe leasmhara cuí chun úsáidí inmharthana a iniúchadh sula gcuirtear réadmhaoine ar an margadh oscailte.



Iarracht chomhbheartaithe chun **riachtanais oibríochtúla An Post a ailíniú leis an sprioc níos leithne maidir le hathearraíocht a bhaint as sócmhainní.**



Measúnú cuimsitheach ar an ról uathúil atá ag gach foirgneamh laistigh dá shuíomh, lena n-áirítear breithniú ar raon leathan úsáidí a d'fhéadfadh áiseanna áitiúla a fheabhsú.

Béim ar a chinntiú go bhfuil moltaí don chéad chéim eile den chaomhnóireacht indéanta agus gur féidir iad a chur i bhfeidhm go saoráideach.




Léargais agus eispéiris a roinnt chun timpeallacht foghlama chomhoibríoch a chothú i measc na bpáirtithe leasmhara go léir.



Idirphlé oscailte faoi thodhchaí na bhfoirgneamh oidhreacht, ag treisiú a dtábhacht sa chreatlach shóisialta.

Leagtar amach sa Phrótacal próiseas mionchúiseach le haghaidh dífheistiú a thugann tosaíocht do rannpháirtíocht an phobail.

Tá ról ríthábhachtach an Údaráis Áitiúil lárnach dó seo, mar phointe uatha an eolais áitiúil ar fad maidir le ceantar ar leith, a chuimsíonn pleananna ceantair agus forbartha áitiúla, riachtanais agus cuspóirí straitéiseacha, píblíne pleanála agus forbartha, maoiniú srl. Is léiriú é ar thiomantas An Post do thodhchaí inbhuanaithe go bhféachann siad le hoidhreacht de mhaoirseacht fhreagrach a chosaint do na glúnta atá le teacht.



An tSócmhainn

- > Réadmhaoine
- > Caoi
- > Suíomh
- > Aschur - Próifíl Réadmhaoine

Comhthéacs

- > Geilleagar
- > Pleanáil
- > Margadh
- > Polaitiúil
- > Aschur - Sainithe Deis + Úsáidí sa Todhchaí

Gearrliostú

- > Eacnamaíoch
- > Sóisialta
- > Pobal
- > Airgeadais
- > Aschur - Roghanna Gearrliosa

Diúscairt Roghanna

- > Cur chuige ábhartha
- > An Tóir atá sa Mhargadh
- > Aschur - Roghanna scóráilte a bhaineann le húsáidí

Seachadadh Cur chuige

- > Úsáid is fearr
- > Príomh-chomhpháirtithe + páirtithe leasmhara
- > Cur chuige seachadta molta
- > Riosca agus breithnithe do An Post
- > Aschur - Diúscairt achtaithe

Samplaí de Dhífheistiú Freagrach ag An Post

Oifig an Phoist Chluain Eois

Contae Mhuineacháin

Foirgneamh tipiciúil de chuid Oifig an Phoist i lár an bhaile ó 1912 a bhí in Oifig an Phoist Chluain Eois, foirgneamh bríci dearga le fuinneoga móra stuacha sainiúla. Ní raibh gá leis an réadmhaoin a thuilleadh tar éis don oibríocht sórtála poist a bheith athlonnaithe go saoráid níos mó, saincheaptha i mBaile Mhuineacháin agus aistríodh Oifig an Phoist go dtí asraon a bhí á reáchtáil ag Máistir Poist le háiseanna feabhsaithe do chustaiméirí sa cheantar.

Tháinig drochbhail ar an bhfoirgneamh agus mhúch gníomh tapa na briogáide dóiteáin áitiúla tine a d'fhéadfadh a bheith tubaisteach.

In 2012, thug An Post an t-áitreabh ar léas do bheirt ealaíontóirí ar bhonn 'saor ó chíos don chéad bhliain' chun cur ar a gcumas feabhsuithe teoranta a dhéanamh. Reáchtáil na healaíontóirí an foirgneamh mar ionad stiúideo agus gailearaí, le tacaíocht ó mhaoiniú na Comhairle Ealaíon. In 2016, tháingamar ar chomhaontú le Comhairle Contae Mhuineacháin chun an t-áitreabh a cheannach le haghaidh athchóirithe. Tá sé fós ag feidhmiú inniu mar stiúideo agus gailearaí ealaíontóirí móréilimh.

www.monaghan.ie/arts/clonesartiststudios/



Oifig an Phoist na Carraige Duibhe Contae Bhaile Átha Cliath

Cosúil le Cluain Eois, foirgneamh brící dearga ó thús an 20ú haois agus struchtúr cosanta i lár an tsráidbhaile a bhí in Oifig an Phoist Shráidbhaile na Carraige Duibhe, Contae Átha Cliath. Aistríodh an oibríocht sórtála agus seachadta poist chuig aonad saincheaptha leis an bpáirceáil riachtanach le haghaidh veaineanna poist agus truailí agus d'éirigh an foirgneamh ró-mhór don ghnó mhiondíola amháin.

In 2014, bhog oifig an phoist mhiondíola go dtí suíomh nua saindeartha in ollmhargadh in aice láimhe, le go leor páirceála áisiúil i Lárionad Sráidbhaile na Carraige Duibhe in aice láimhe. Tar éis do An Post é a dhíol, d'fheidhmigh an foirgneamh mar chaifé agus le déanaí mar bhialann, agus tá litreacha agus clog Oifig an Phoist fós le feiceáil, gnéithe luachmhara d'oidhreacht ailtireachta áitiúil na Carraige Duibhe.

Le go leor páirceála agus rochtain éasca do dhaoine de gach aois agus cumas, is feabhas an-suntasach é spás fairsing, geal Oifig an Phoist, arna bhainistiú ag Máistir Poist, do chustaiméirí rialta agus do chuairoteoirí atá ag dul thar bráid. Tharla an t-aistriú ag an am céanna le seoladh táirgí seirbhíse airgeadais An Post Money agus an fás ar phost beartán agus tá go leor taispeántais faisnéise, spás cuntair agus áiseanna do chustaiméirí san oifig.



Oifig an Phoist Shráid San Aindrias Baile Átha Cliath 2

Is foirgneamh 2,679 m², ceithre stór os cionn an íoslaigh é 19-24 Sráid San Aindrias, ar stíl Art Deco le aghaidh eibhir.

Ba iad ailtirí Oifig na nOibreacha Poiblí a dhear é sna 1940idí agus osclaíodh é i 1952 sa chuid seo den chathair a bhfuil tóir mhór uirthi, ina bhfuil oifig an phoist mhór ag leibhéal na sráide. D'úsáid na ranna poist éagsúla na hurláir uachtaracha mar chóiríocht oifige agus stórála ach níor baineadh leas ceart astu go hiondúil agus d'éirigh siad níos mí-oiriúnach don fheidhm le blianta beaga anuas.

Tar éis dó an oifig an phoist mhiondíola agus an t-ionad comhairle do chustaiméirí a chomhdhlúthú ar an mbunurlár, dhíol An Post an foirgneamh i mí na Nollag 2022 ar shocrú 'Díol agus Aisléasú' don bhunurlár. Tá an t-úinéir nua i dteagmháil le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath maidir le húsáid inbhuanaithe na n-urlár uachtarach amach anseo.

Is sampla sármhaith é seo de chur chuige geilleagair chiorclaigh agus conas is féidir foirgneamh oidhreachta i lár na cathrach a athfhorbairt agus ag an am céanna ligean do sheirbhís phoiblí riachtanach a bheith ann ar mhaithe le custaiméirí gnó agus príobháideacha - mar atá leagtha amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta & sa Phlean Forbartha Cathrach.



Anne-Marie Shalloe

Bainisteoir Sócmhainní Tráchtála an Ghrúpa
R-phost: anne-marie.shalloe@anpost.ie

An Foirgneamh EXO
Cé an Phoirt Thuaidh
Baile Átha Cliath 1, D01 W5Y2